Domhnach de a tugadh ar iasacht

An Chéad Domhnach den Charghas: 'Fásach Práinneach'

Sa Soiscéal inniu, cuirtear amach sin san 'fhásach'. D'fhéadfadh gur coincheap é a bhfuil imní roimhe de bharr na 'n-ainmhithe fiáine' ach níor cheart imní a bheith orainn. Is soiléir cé atá i gceannas sa sliocht gairid seo ó Shoiscéal Mharcais; is é an Spiorad a sheolann. Is an-mhinic a theastaíonn 'fásach' de chineál éigin uainn chun cabhrú linn stad agus machnamh a dhéanamh ar ár saol agus ar an treo atáimid ag dul. Sa tslí sin, féadann Carghas a bheith ina shéasúr an-speisialta do roinnt mhaith daoine agus tugann na téacsanna Soiscéil saibhreas ar leith ina n-iarrtar orainn gabháil do bhunathrú chun feabhais agus d'fhíor-athrú. Le linn an Charghais gach bliain, iarrtar orainn an bheatha a roghnú; na nithe is nithe slánaithe dúinn a roghnú agus na bacainní os ár gcomhair a bhaint.

I mbliana, iarrtar orainn dul i ngleic leis an bhfadhb phráinneach a bhaineann leis an gCeartas Aeráide mar go dtugann Feachtas an Charghais de chuid Thrócaire sinn chuig 'tobar an chine dhaonna': is é sin, an Aetóip. Nuair a smaoinímid ar an tír iontach sin, is dócha go dtagann íomhánna den ghort nó den ocras inár n-intinn. Ní thugann an íomhá chlaonta sin cothrom na Féinne do thír atá ina tír bheoga agus a bhfuil clú uirthi as tírdhreacha iontacha, as cultúr ársa, as éagsúlacht ó thaobh teangacha agus bia de, as eaglaisí uathúla Críostaí agus as naoimh uathúla Chríostaí. Tugtar cuireadh dúinn teacht chuig an tír álainn sin le linn an Charghais i mbliana chun éisteacht le scéalta na ndaoine, chun cloisteáil faoina streachailtí agus chun machnamh domhain a dhéanamh ar an gcineál domhain is mian linn a bheith ann do na glúine le teacht. Tá tionchar fíordhiúltach ag an athrú aeráide ar dhaoine ar fud an domhain agus tá Éire, ó thuaidh agus ó dheas, i measc na dtruaillitheoirí is airde in aghaidh an duine san Aontas Eorpach. Má dhéanaimid rud ar bith le linn an Charghais i mbliana, go ligtear dúinn machnamh a dhéanamh ar conas is féidir linn saol níos inbhuanaithe a mhaireachtáil. Is iomaí rud ar ar féidir linn machnamh a dhéanamh de réir mar a théimid isteach san fhásach.

'Níl a fhios agam ar athraíodh mé san oíche? Fan go bhfeice mé. An raibh mé mar a bhí mé nuair a d'éirigh mé ar maidin? Táim beagnach den tuairim gur féidir liom a mheabhrú gur mhothaigh mé pas beag difriúil. Ach mura bhfuil mé mar a bhí, is í an chéad cheist eile ná eile ná 'Cé mise ar chor ar bith?' Á, nach í an dúcheist mhór!

(Lewis Carrol)

An Dara Domhnach den Charghas: 'An tslí anuas ón sliabh'

Téimid chuig an mullach sléibhe sa Soiscéal an Domhnach seo mar a iarrann Íosa ar Pheadar,

ar Shéamas agus ar Eoin dul leis agus a bheith mar fhinnéithe ar a chlaochlú; le go bhfeicfeadh siad Íosa mar atá sé iarbhír. Ba ghnách le muintir Sebeya san Aetóip a bheith ina gcónaí i réigiún tráth mar a mbíodh mullaí sléibhe glas agus clúdaithe le fásra. Sa lá atá inniu ann, ní thuigeann muintir Sebeya cén fáth ar stad an bháisteach agus cén fáth a bhfuil talamh a bhíodh lán d'fhásra tráth tirim anois. Maireann muintir Sebeya saol simplí agus níl siad freagrach ar bhealach ar bith as an athrú atá tagtha ar a gcórais aimsire. Tá siad ag fulaingt an tionchair atá ag an athrú aeráide, arb iad stíleanna maireachtála sna tíortha saibhre na mílte míle uathu is cúis leis. Éagóir mhór is ea í sin. Nuair a léimid an Soiscéal don lá inniu, is féidir linn Peadar a fheiceáil. Is mian leis go mór fanacht ar an sliabh sa bhomaite aoibhnis le hÍosa, sa mhéid go dtairgeann sé pubaill a thógáil. Ach is difriúil lena raibh ar intinn Pheadair ag an am atá bealach Íosa.

Is compordach atá an sliabh ach is éard atá i mbealach Íosa ná teacht anuas ón sliabh agus siúl ar chonair an-difriúil. Cloisimid an glaoch chun gníomhú ar an gceartas aeráide i ngach áit ach teastaíonn uainn anois éisteacht go géar agus dul i mbun birt go práinneach. Is fíor gurb éard atá ann ná athruithe a dhéanamh ar ár stíleanna maireachtála agus is fíor gurb éard atá ann ná dul i mbun feachtais os comhair ár Rialtas nach ngníomhaíonn go gasta. I gceann tamaill, níorbh fhéidir an damáiste atá

déanta ag tíortha i dtuaisceart an domhain a chúlú. Tosaímid féin le gníomhartha beaga agus an dóchas againn go ngníomhóidh ríthe agus uachtaráin an domhain inár ndiaidh.

'Níl sa Domhan Mór maoin ar féidir linn bheith i gceannas uirthi mar is mian linn; nó, go pointe níos lú fós, ní le roinnt bheag daoine é ach oiread. Bronntanas is ea an Domhan Mór, is bronntanas iontach é a thug Dia dúinn le go dtabharfaimis cúram dó agus go n-úsáidfimis é ar mhaithe le cách le meas mór agus le buíochas mór i gcónaí'

An Pápa Proinsias

An Tríú Domhnach den Charghas: 'Déanfaidh díograis do thí mé a ithe'

Is fusa a thuiscint cén fáth a bhfuil Íosa feargach leis na daoine sin atá ag díol earraí san áit aonaigh. Bhaintí úsáid as na hearraí a bhíodh á ndíol i margaí an Teampaill in íobairtí le go bhféadfadh daoine na riachtanais le bheith 'níos gaire' do Dhia a chomhlíonadh. Ba ghá cur in aghaidh an mhúnla sin. Is go háit a mbaineann tábhacht le luach airgeadúil agus le heisiamh ann a thiontaigh siad áit ar cheart di a bheith ina háit naofachta. 'Buailtear' Íosa le grá géar agus le paisean de bharr na héagóra a fheiceann sé os a chomhair. Cé na teampaill ar iompaíomar iad ina n-áiteanna aonaigh sa lá atá inniu ann? Tá ár ndomhan á bhrú chun cinn leis an tomhaltachas agus le brabús ar chostas an chomhshaoil agus acmhainní na ndaoine is boichte ar domhan. Tá Leabhar Chruthú an Domhain ag labhairt linn anois chun deireadh a chur le háit aonaigh a dhéanamh den teach seo. Ní gá dúinn breathnú rófhada uainn chun féachaint ar an dóigh a bhfuil an t-athrú aeráide ag imirt drochthionchar ar ár gcórais aimsire anseo ar fud oileán na hÉireann agus sna réigiúin is boichte ar domhan.

Guímis an Domhnach seo go 'ndéanfaidh díograis do thí sinn a ithe' agus go ndéanfaimid gach beart réasúnach chun domhan níos inbhuanaithe do chách a chinntiú. Tá ceannairí domhanda ag oibriú i dtreo conradh domhanda ar an athrú aeráide ach níor tháinig siad ar chomhaontú go fóill faoin dóigh a bhféadfaí astuithe a laghdú go leibhéil leorga d'fhonn treochtaí domhanda a laghdú. Teastaíonn spreagadh uathu.

'Go mbronna Dia fearg orainn faoin éigeartas, faoi leatrom, agus faoi dhúshaothrú daoine le go bhféadfaimis oibriú ar son an cheartais, na saoirse agus na síochána. Go mbronna Dia deora orainn lena sileadh dóibh siúd a fhulaingíonn pian, diúltú, ocras agus cogadh, le go bhféadfaimis ár lámha a shíneadh amach chun sólás a thabhairt dóibh agus lúcháir a dhéanamh dá bpian. Agus go mbronna Dia go leor baoise orainn chun a chreidiúint gur féidir linn difear mór a dhéanamh ar an domhan seo le go bhféadfaimis nithe a dhéanamh a maíonn daoine eile nach féidir iad a dhéanamh chun ceartas agus cineáltas a thabhairt dár leanaí agus do na boicht go léir.'

(Beannacht Phroinsiasach)

An Ceathrú Domhnach den Charghas: 'An té a dhéanann an fhírinne, tagann sé chun an tsolais'

Is as an mbás a thagann beatha úr. An bhfaca tú duine ag teacht ar ais chun na beatha riamh? B'fhéidir gur cara é a chuir briseadh suas deacair thar nó thairsti nó duine a chuir a shaol nó a saol le chéile an athuair tar éis roinnt mhaith míonna inar fhulaing sé nó sí brón nó cliseadh. Bíonn an t-aiséirí le feiceáil timpeall orainn i gcónaí. Tá sé furasta dúinn a bheith ciniciúil nuair a smaoinímid ar shaincheist ar nós an cheartais aeráide. Mar Chríostaithe, iarrtar orainn díriú ar aiséirí.

Is ann do bhealaí i gcónaí chun cás a iompú thart, chun cúrsaí a cheartú, chun féachaint le beatha arís agus arís eile. Is í sin an fhís a thugann Íosa do gach duine againn. Tá codarsnachtaí sa sliocht seo idir an mothú go bhfuil duine caillte agus beatha shíoraí a bheith ag duine. Iarrann an dá chás an rogha chun grá agus dóchas, in ionad éadóchais, a bheith ag duine. Táimid i mbun turais le linn an Charghais i mbliana le Mahlet agus lena teaghlach arb as Sebeya iad. Is í 'Beatha' an bhrí iarbhír lena hainm agus is mian le Mahlet a bheith ina dochtúir agus í fásta aníos. Cabhraíonn Mahlet le hobair ar an bhfeirm sa bhaile tar éis na scoile agus is as a

mbarra amháin a fhaigheann a teaghlach a gcuid bia. Nuair a theipeann ar an mbáisteach, tagann neamhshlándáil bia ar theaghlach Mahlet. Níor chuir Mahlet ná a teaghlach le fadhb an athraithe aeráide ar chor ar bith, ach is iadsan na daoine a bheidh thíos léi thar dhuine ar bith eile. Bainfidh a teaghlach leas as córas nua uisciúcháin atá á thógáil le cúnamh ó Thrócaire i mbliana. Déanfaidh sé difear ollmhór dá saol agus cabhróidh sé le slándáil bia do theaghlach Mahlet agus do theaghlaigh eile ina sráidbhaile a chinntiú. Is féidir linn difear fíor a dhéanamh do shaol daoine trí na roghanna beaga a dhéanaimid: na tabhartais agus an gealltanas go mairfimid ár saol ar bhealach níos simplí agus níos inbhuanaithe. Is fúinne atá sé agus is féidir linn a roghnú go mbeimid mar chuid den réiteach agus ní mar chuid

den fhadhb. Roghnaigh grá radacach, dóchas agus an ceartas aeráide.

'Ní féidir liom an domhan a athrú i m'aonar, ach is féidir liom cloch a chaitheamh thar na huiscí chun an iomad lonnach a chruthú.'

An Mháthair Treasa.

An Cúigiú Domhnach den Charghas: 'Tá an uair tagtha chun go ndéanfaí Mac an Duine a ghlóiriú'

Tá parabal an-ghairid sa Soiscéal inniu ina gcuirtear síos ar shíol a thit ar an talamh agus a fuair bás sa deireadh. D'fhéadfadh sé fanacht mar shíol singil nó d'fhéadfadh sé fómhar saibhir a chruthú. Is cúis imeagla do roinnt daoine é an coincheap a bhaineann le rud éigin a chailleadh chun spás a chur ar fáil do rud éigin nua. Éirímid chomh ceanúil ar rudaí agus is deacair atá athruithe ar an stíl mhaireachtála. Sa sliocht seo, is eol d'Íosa go bhfuil a uair tagtha; gurb é seo a bhomaite géarchéime. Athraíonn uair chrá Íosa ó achainí 'go sábháiltear mé' go hachainí ina nglóirítear Dia, áfach: 'ná bíodh mar is toil liomsa ach mar is toil leatsa'. Tá 'uair' tagtha dúinn ó thaobh an cheartais aeráide de.

Seo í an uair nach mór cinntí móra a dhéanamh agus gealltanais mhóra a thabhairt agus níl an dara rogha againn ach beatha a roghnú agus gníomhú mar is toil le Dia agus ní mar is toil linne. Ní mór do na tíortha saibhre a gcuid tosaíochtaí a athrú. Ní mór dóibh díriú ar an taobh amuigh agus rioscaí a ghlacadh má tá gach duine againn in ann taitneamh a bhaint as an tsíocháin agus an tslándáil.

Cuimhnímid na stoirmeacha uafásacha a bhuail Éire anuraidh agus a leanfaidh ar aghaidh ag déanamh amhlaidh de réir mar a athraíonn ár n-aeráidí. Iarrtar orainn a bheith inár gcaomhnóirí ar an domhan: 'Cuireadh cúram gach ruda orainn lenár gcosaint agus táimid go léir freagrach as' (an Pápa Proinsias). Le go mbeimid inár bhfíorchaomhnóirí, caithfimid dul i mbun feachtais ar son reachtaíochta ag an leibhéal náisiúnta agus roghanna difriúla ag an leibhéal pearsanta.

'Ba mhaith liom é seo iarraidh ar gach duine ag a bhfuil post freagrachta sa réimse eacnamaíoch, sa réimse polaitiúil agus sa réimse sóisialta agus ar gach duine dea-mhéine: Ligigí dúinn a bheith inár gcosantóirí don domhan mór, inár gcosantóirí do phlean Dé atá le fáil sa nádúr agus inár gcosantóirí dá chéile agus don chomhshaol'

An Pápa Proinsias

© Jeon Han, Korea.net, Wikimedia Commons

Trócaire, Maynooth, Co. Kildare, Ireland
T: +353 (0)1 629 3333 **F:** +353 (0)1 629 0661
E: info@Trócaire.ie **F:** www.trocaire.org
Trócaire is the overseas development agency of the Catholic Church in Ireland and a member of CIDSE and Caritas Internationalis. Irish charity number: CHY 5883.

Trócaire